

Tuiseal Ginideach san Uimhir Iolra



Achoimre Dheich bPointe (Ach níl sé ach ocht bpointe)

1. Is í an T.G. Iolra, an fhoirm iolra den Tuiseal Ginideach.
2. Úsáidtear an T.G. Iolra do na cúiseanna céanna den T.G. Uatha...ach...munar chuimhin libh...seo iad:
 - Seilbh (nó dhá ainmfhocal le chéile)...mar shampla: socrúchán scoileanna, deireadh na mblianta
 - Focail a bhaineann le cainníochtaí nó méideanna...mar shampla: a lán carranna, beagán pointí
 - Tar éis ainm briathartha...mar shampla: ag ithe ceapairí, ag rith rásanna
 - Tar éis réamhfhocail le níos mó ná focal amháin (comhshuite)...mar shampla...le linn, tar éis, i rith
 - Tar éis réamhfhocail áirithe (chun, cois, dála, fearacht, timpeall, trasna)
3. Tá uair amháin breise a úsáidtear an T.G. san uimhir iolra. Úsáidtear an T.G. Iolra le haghaidh na n-Uimhreacha Pearsanta...mar shampla: triúr dochtúirí.
4. Is féidir frásaí cinnte a bheith ann le 'na'.....ag ithe na gceapairí, agus frásaí éiginnte ann freisin gan 'na'.....ag ithe ceapairí.
5. Úsáidtear "na + urú".
6. Úsáidtear an litriú ón bhfoirm chaighdeánach den uimhir uatha (gnáthuimhir uatha) más lagiolra é an focal.
7. Lagiolra = ainmfhocal a chuirtear isteach san uimhir iolra le 1) caolú; nó 2) '+a'

Crann	crainn (caolú)	dath crann dath na gcrann
Bróg	Bróga ('+a')	dath bróg dath na mbróg

8. Úsáidtear an litriú ón bhfoirm chaighdeánach den uimhir iolra (gnáthuimhir iolra) más tréaniolra é an focal.
9. Tréaniolra = gach ainmfhocal nach lagiolra é (gach uimhir iolra eile taobh amuigh de 1) caolú; nó 2) '+a'

Cailín	Cailíní	cótaí na gcailíní
--------	---------	-------------------

